

Plean le haghaidh Áiteanna:

Tuarascáil de chuid Oifig an Ombudsman do Leanaí ar phleanáil ar aghaidh le haghaidh soláthar áiteanna scoile do pháistí le Riachtanais Speisialta Oideachais




ombudsman
do leanaí
for children



Clár na nÁbhar

1. **Brollach ón Ombudsman do Leanáí**
2. **Ráiteas ón Roinn Oideachais**
3. **Maidir leis an OCO**
4. **Maidir leis an Tuarascáil seo**
5. **Dearcadh na dTeaghlach**
6. **Moltaí**



1. Brollach ón Ombudsman do Leanaí, Dr. Niall Muldoon

Chuir mé tús leis an tuarascáil seo, Plean d'Áiteanna, agus mé ag súil leis an athbhreithniú ar alt 37A den Acht Oideachais 1998 atá á dhéanamh i láthair na huaire, agus i ndiaidh gearáin a cuireadh chuig ár nOifig maidir le leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu (RSO) nach bhfuil ábalta áiteanna scoile ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal a fáil go tráthúil, gar dá dtithe. Is teip shoiléir é sin ar thaobh an Stáit, a bhfuil an oibleagáid air ceart chun oideachais gach linbh a urramú, a chosaint agus a chomhlíonadh. Agus an píosa oibre sin á dhéanamh againn, bheartaíomar tuiscint a fháil ar conas a dhéanann an Stát pleananna maidir le soláthar áiteanna scoile do leanaí a bhfuil RSO acu agus, leis sin, cén fáth a mbíonn deacrachtaí suntasacha ag tuismitheoirí áit scoile oiriúnach a fháil sa cheantar áitiúil dá leanaí.

Chuamar i dteagmháil leis an Roinn Oideachais (RO) agus leis an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) agus ní mór dom buíochas a ghabháil leo as a n-oscailteacht agus a gcomhoibriú le 12 mhí anuas. Bhuaileamar le tuismitheoirí, príomhoidí scoile, dlíodóirí, lucht acadúil, grúpaí abhcóideachta, eagraíochtaí reachtúla agus neamhrialtasacha chomh maith chun a dtuiscint ar an bpróiseas pleanála agus ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag easpa áiteanna scoile ar leanbh agus ar theaghlach a fháil. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leosan freisin as an ionchur ríthábhachtach a thug siad dár gcuid oibre chun an tuarascáil seo a ullmhú.

Tá maoiniú méadaithe ag an Roinn Oideachais do go leor gnéithe den soláthar oideachais do leanaí a bhfuil RSO acu. Ina theannta sin, tá obair shuntasach déanta ag an Roinn Oideachais chun feabhas a chur ar bhailiú sonraí agus ar oibriú tras-aonad sa réimse seo le dhá bhliain anuas. Cé go gcuirtear fáilte roimhe sin agus gur cuireadh níos mó áiteanna scoile ar fáil don chohórt sin leanaí dá bharr, is cosúil go bhfuil 'éagothroime' ann fós idir an riachtanas réamh-mheasta agus soláthar iarbhír áiteanna scoile do leanaí a bhfuil RSO acu.

In ainneoin na sonraí atá ar fáil don Roinn Oideachais agus a cuid oibre chun riachtanas a réamh-mheas, is léir go bhfuil easnaimh i gcumas an chórais áiteanna oiriúnacha a sholáthar ar bhealach réamhghníomhach agus tráthúil do dhaonra eolach scoláirí a bhfuil RSO acu laistigh den chóras oideachais agus atá ar tí dul isteach sa chóras oideachais. Mar thoradh air sin, tá an córas i staid fhrithghníomhach nuair a thagann cásanna chun cinn ina dtugann tuismitheoirí le fios nach féidir leo áit chúil scoile a fháil dá leanaí. Maidir leis sin, thugamar faoi deara, i gcás ina bhfuil diagnóis ag leanbh agus moladh do shocrúchán speisialtóra, go bhféadfadh an córas titim ar gcúl ina fhreagra. Maidir le leanaí a bhfuil cónaí orthu i soláthar i 'mbaill dhubha', go háirithe i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh, d'fhéadfaí go dteipfeadh ar an gcóras ina fhreagra. Níl sé inghlactha go dtarlódh teipeanna dá leithéid.

Níl an chomhairle bheartais ar Scoileanna Speisialta agus Ranganna Speisialta, mar a gheall an NCSE in 2019, curtha ar fáil go fóill. Táim buartha go bhfuil an mhoill sin ag cur leis an deighilt leanúnach leanaí a bhfuil RSO acu ón oideachas príomhshrutha, rud a thagann salach ar oibleagáidí an Stáit faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UNCRPD) chun foráil a dhéanamh i leith córas cuimsitheach oideachais. Táim buartha freisin má leanann an Roinn ar aghaidh ag cruthú réiteach ina gcuimsítear gné éigin den deighilt, go n-éireoidh sé níos deacra iad a nochtadh amach anseo, beag beann ar pé rud a mholtar i gcomhairle bheartais an NCSE.

Ba cheart go mbainfeadh gach cinneadh agus gníomh a dhéanfar ón am seo amach le córas láidir cuimsitheach oideachais a chruthú, lena dtabharfar an tacaíocht iomlán chéanna dár leanaí go léir. Cé go n-admhaím an infheistíocht shuntasach atá déanta go dtí seo, ní mór dúinn an córas oideachais ina iomláine a athshamlú má tá leanaí a bhfuil RSO acu chun lántairbhe a bhaint as a gceart chun oideachais. Agus é sin á dhéanamh, ní mór dúinn tabhairt faoi chuimsitheacht mar phróiseas seachas féachaint uirthi mar idéal seasta insroichte. Maidir leis sin, beartaíonn an Coiste CRPD go mbeidh cuimsiú iomlán mar ‘thoradh ar phróiseas um thiomantas leanúnach agus réamhghníomhach chun deireadh a chur le bacainní lena gcuirtear bac ar an gceart chun oideachais, mar aon le hathruithe ar chultúr, ar bheartas agus ar chleachtas scoileanna rialta chun freastal ar gach scoláire agus iad a chuimsiú ar bhealach éifeachtach’.



Forbairt an-dearfach le déanaí sa réimse seo is ea rannpháirtíocht Roinn an Taoisigh, a bhfuil soláthar struchtúr comhleanúnach á chomhordú aige anois lena chur ar chumas leanaí agus daoine óga rochtain a fháil ar mheasúnuithe agus ar thacaíochtaí teiripeacha. Beidh comhoibriú idir an Roinn Oideachais,

Sláinte (FSS san áireamh) agus Leanaí i gceist leis sin agus beidh sé ríthábhachtach chun cuidiú leis na leanaí sin a n-acmhainn a uasmhéadú laistigh den chóras oideachais.

Ba chóir go mbeadh comhoibriú dá leithéid idir Ranna le feiceáil san athbhreithniú ar an reachtaíocht sa réimse seo. Tá an tAcht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu 2004 (Acht EPSEN) agus Alt 37A den Acht Oideachais 1998 á n-athbhreithniú faoi láthair. Táim ag súil agus ag dréim go dtabharfar aird chuí san athbhreithniú ar Acht EPSEN ar fhorálacha ábhartha an Achta um Míchumas 2005 ós rud é gur dearadh an dá phíosa reachtaíochta sin chun oibriú i gcomhar lena chéile. Níor cheart go gcuirfí bac ar an Acht um Míchumas a bhreithniú i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar Acht EPSEN mar gheall go bhfuil freagracht ar Ranna éagsúla as na píosaí reachtaíochta sin.

Ciallaíonn cineál díláraithe ár gcórais oideachais, cé go bhfuil ról ceannasach ag an Roinn Oideachais, go mbraitheann sé go mór ar chomhaontú na bpátrún scoile, na mbord bainistíochta agus na bpríomhoidí chun áiteanna scoile a sholáthar do leanaí a bhfuil RSO acu. Mar gheall ar an neamhspleáchas a thugtar do scoileanna i gcóras oideachais na hÉireann, ní féidir leis an Roinn Oideachais a éileamh go n-osclóidh scoil rang speisialta nó go nglacfaidh sí le scoláirí breise a bhfuil RSO acu. Táim ag labhairt ó bhí 2015 ann, lena n-áirítear le Coiste NA um Chearta an Linbh, faoin ngá atá leis an gcothromaíocht idir mairseacht an Rialtais láir ar oideachas agus neamhspleáchas scoileanna a athchalabhrú. Ní mór an t-athchalabhrú sin a dhéanamh lena chinntiú go nglacfaidh an Stát leibhéal cuí freagrachta as cearta leanaí a chur chun cinn agus a chosaint laistigh den chóras oideachais.

Caithimid a chinntiú freisin go bhfuil na hacmhainní cuí ag gach scoil chun oideachas a chur ar fáil do na leanaí ina gceantar áitiúil. Chomh maith leis sin, ní mór dúinn a bheith ag dréim go gcuirfidh siad oideachas ar fáil do gach leanbh áitiúil. Tá sé sin ríthábhachtach chun cuimsitheacht a bhaint amach. Fásann na leanaí go léir suas le chéile, téann siad ar scoil le chéile, bíonn siad ag súgradh le chéile, agus cuidíonn siad lena chéile, agus iad ag foghlaim faoina ndifríochtaí éagsúla – sin é an todhchaí ba mhaith liom a fheiceáil. D'fhéadfaí an próiseas sin a thosú laistigh de na baill dhubha reatha agus ansin é a cur i bhfeidhm ar fud na tíre ar bhealach córasach sna blianta amach romhainn. Beidh ceannaireacht de dhíth ina leith sin ar an leibhéal polaitiúla agus ar an leibhéal roinne araon. Teastóidh ceannaireacht ó phátrúin scoile, ó bhoird bhainistíochta agus ón bhfoireann laistigh de gach scoil sa tír freisin. Tá sé tuillte ag leanaí a bhfuil RSO acu a gceart chun oideachais a bhaint amach go hiomlán, agus é sin a dhéanamh gar don bhaile, díreach cosúil lena ndeartháireacha, lena ndeirfiúracha agus lena gcomharsana.



2. Ráiteas ón Roinn Oideachais

Fáiltíonn an Roinn Oideachais agus an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta roimh Thuarascáil an Ombudsman ar phleanáil ar aghaidh i gcomhair socrúcháin riachtanas speisialta agus oibreoidh siad le páirtithe leasmhara i dtaca le forfheidhmiú na moltaí chomh mear agus is féidir. Tógann na moltaí ar go leor de na tionscnaimh straitéiseacha atá curtha i bhfeidhm cheana féin, go háirithe le 2 bhliain anuas, chun tacú agus chun cur le soláthar riachtanas speisialta oideachais (RSO) i scoileanna ar fud na tíre.

Beartas Áiteanna ar Scoil i dtaca le Riachtanais Speisialta Oideachais

Tá an Roinn tiomanta do chóras oideachais den chaighdeán is airde a sheachadadh agus ina mothaíonn gach leanbh agus duine óg go bhfuil meas orthu agus go dtugtar tacaíocht ghníomhach dóibh agus go gcothaítear iad chun barr a gcumais a bhaint amach. Tá an Roinn meáite ar rochtain a chinntiú i measc gach linbh ar eispéireas oideachais atá oiriúnach dá riachtanais agus a thacaíonn lena bhforbairt acadúil agus lena bhforbairt phearsanta. Is é ár mbeartas, atá leagtha amach san Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu 2004 ná go gcuirfí oideachas ar leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i socrúcháin phríomhshrutha agus go gcuirfí tacaíochtaí breise ar fáil de réir mar is cuí. Nuair a bhíonn suíomhanna oideachais níos speisialaithe de dhíth ar leanaí, amhail ranganna speisialta nó scoileanna speisialta, cinntíonn an

Roinn agus an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta go gcuirtear na hacmhainní agus na tacaíochtaí riachtanacha ar fáil do shocrúcháin dá leithéid i gcomhréir le riachtanais an linbh. Chuige seo tá comhoibriú gníomhach na bpobal scoile riachtanach chun timpeallacht fháilteach agus thacúil a chinntiú do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu inár scoileanna. Tá ríthábhacht ag baint leis an timpeallacht seo do gach leanbh agus dá dteaghlaigh.


Ina fhianaise sin, is príomhthosaíocht don Roinn agus don Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta é socrúchán scoile cuí a sholáthar do gach leanbh a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu ar bhealach tráthúil agus atá lán le tacaíocht. Tá an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta freagrach go reachtúil as soláthar a phleanáil agus a chomhordú ag leibhéal áitiúil agus náisiúnta araon agus as comhairle a thabhairt don Roinn ina leith seo. Leanann an Roinn ar aghaidh ag obair as lámha a chéile leis an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta agus le príomhpháirtithe leasmhara eile i dtaca leis na riachtanais ghearrthéarmacha maidir le háiteanna ranganna speisialta agus scoileanna speisialta agus chomh maith leis sin na riachtanais níos straitéisí agus níos fadtéarmaí.

Ina theannta sin, tá an Roinn agus an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, agus iad ag pleanáil chun cinn maidir le háiteanna ar scoil do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, ar an eolas faoin ngá atá le tuiscint níos leithne a bheith acu ar shaincheisteanna i réimse

an mhíchumais lena n-áirítear aon athruithe ar rátaí minicíochta RSO nó athruithe ar phróisis mheasúnaithe, lena n-áirítear an measúnú ar riachtanas a fheidhmíonn an FSS a d'fhéadfadh tionchar a bheith aige ar éileamh ar shocrúcháin oideachais. Tá an próiseas pleanála straitéisí atá cruthaithe ag an Roinn agus ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta le blianta beaga anuas curtha in oiriúint d'athruithe ina leith seo chun a chinntiú gur féidir le leanaí teacht ar áiteanna cuí ar scoil de réir mar is gá.

Seachadadh Áiteanna ar Scoil i leith Riachtanais Speisialta Oideachais

Le deich mbliana anuas, tá méadú beagnach 5 oiread tagtha ar líon na ranganna speisialta sa Stát, mar is léir san fhigiúr thíos.



Príomhthosaíocht i rolladh amach an Phlean Forbartha Náisiúnta is ea leanúint le cur le hacmhainn i scoileanna chun tacú le soláthar RSO agus béim ar leith ar an iar-bhunleibhéal agus áirítear leis:

- Cóiríocht bhuan do 292 rang speisialta agus toilleadh breise do 122 seomra ranga i 22 scoil speisialta atá le seachadadh le linn thréimhse an Phlean Forbartha Náisiúnta 2018 go 2021.
- 700 tionscadal breise atá á gcur ar aghaidh faoi láthair faoin bPlean Forbartha Náisiúnta a sheachadfaidh breis agus 1,300 seomra ranga nua RSO agus 200 seomra ranga nua RSO a fhreastalóidh ar thart ar 7,800 dalta RSO ar fud na bunscoile agus na hiarbhunscoile; tá beagnach 100 de na tionscadail seo ar an láthair faoi láthair a sholáthróidh spásanna ranga i gcomhair beagnach 1,000 dalta breise a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu
- Cuirfear na nithe seo a leanas i gcrích
 - cóiríocht nua, bhreise nó nua-aimseartha ag breis agus 50% dár scoileanna speisialta; agus
 - tá rang speisialta ag 60% dár n-iar-bhunscoileanna cheana féin nó tá tionscadal acu ar an gClár Tógála Scoile a sholáthróidh cóiríocht RSO;



Tionscnaimh straitéiseacha i bhfeidhm a thacóidh le tógáil acmhainne maidir le soláthar RSO:

- Socruithe feabhsaithe i bhfeidhm, go háirithe le 2 bhliain anuas, maidir le pleanáil agus comhordú riachtanas soláthair RSO a bhaineann leis an Roinn, leis an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta agus le príomhpháirtithe leasmhara ar nós Comhlachtaí Pátrúnachta agus Bainistíochta. Baineann sé seo lánleas as Córas Bainistíochta Faisnéise Geografaí na Roinne chun tacú le cur chuige straitéiseach agus comhordaithe maidir le pleanáil agus seachadadh an tsoláthair RSO. Áirítear leis seo sonraí “fíor-ama” ar thuilleadh ar fud an chórais scoile.
- Treoir theicniúil nuashonraithe maidir le tionscadail tógála a bhaineann le soláthar RSO lena n-áirítear treoir ar atheagar na cóiríochta atá ann cheana féin
- Féachfar chuige go seasfaidh na scoileanna an aimsir ag leibhéal na hiar-bhunscoile ach 4 rang speisialta a chur san áireamh i ngach iar-bhunscoil nua 1,000 dalta agus tionscadail mhórscála eile agus pro-rata i dtaobh scoileanna meánmhéide agus scoileanna níos lú.
- Rannpháirteachas straitéiseach le hlontaobhas Oideachais Spiritan maidir le soláthar RSO ag a láithreacha scoile lena n-áirítear a iar-bhunscoileanna a bhfuil táillí i gceist leo.
- Chuir an Roinn Creat Cóiríochta Modúlach go luath in 2021
- Méadú ar dhíolúintí pleanála reatha chun cóiríocht bhreise a sholáthar ag láithreacha scoile atá ann cheana féin



Tá an Roinn ag obair go gníomhach leis an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta agus le príomhpháirtithe leasmhara eile lena n-áirítear Pátrúin Scoile agus Comhlachtaí Bainistíochta chun ranganna speisialta breise agus áiteanna scoile speisialta breise a sholáthar don scoilbhliain 2022/23 ionas go líonfar na bearnaí atá fágtha sa soláthar ón soláthar reatha thart ar 99% go dtí 100% chomh mear agus is féidir. Mar chuid den phleanáil chun cinn, leanann an Roinn le féachaint freisin ar dheiseanna chun cur leis an gcaoi a dtugtar tacaíocht do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus iad ag fanacht le háit ar scoil.

Tá roinnt tionscnaimh réamhghníomhacha curtha i bhfeidhm chun na próisis maidir le pleanáil chun cinn a fheabhsú agus chun acmhainn bhreise scoile speisialta / ranganna speisialta a chur leis go háirithe i limistéir ar dhíol inní iad a shainaithin an Roinn agus an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta – is é sin, Baile Átha Cliath agus Corcaigh. Ina measc seo tá dhá scoil speisialta nua i gCorcaigh (bunaíodh ceann amháin i Meán Fómhair 2021 agus tá ceann eile le bunú go déanach in 2022). Tá áiteanna breise ar scoileanna speisialta le cur ar fáil le haghaidh Mheán Fómhair 2022 i gCorcaigh i bPobalscoil Speisialta Charraig Uí Leighin, i Scoil Speisialta Naomh Cillian agus i Scoil Speisialta Naomh Gaibriéil.

I mBaile Átha Cliath bunaíodh dhá scoil speisialta nua le blianta beaga anuas - Pobalscoil Speisialta Danú i mBaile Átha Cliath 15 agus Scoil Mhuire Dóchais i gCromghlinn, Baile Átha Cliath 12. Tá acmhainn bhreise beartaithe freisin ar fud roinnt scoileanna speisialta eile lena n-áirítear Ospidéal na Maor, Scoil Casa Caterina sa Chabrach agus scoileanna speisialta faoi phátrúnacht Theach Naomh Micheál;

Tá tábhacht ar leith ag baint leis an rannpháirtíocht straitéiseach idir an Roinn, Iontaobhas Oideachais Spiritan agus Scoil Speisialta Bhaile an tSíbhrigh ina mbunófar scoil speisialta nua go déanach in 2022 i gcóiríocht reatha ar champas Choláiste Theach Mealóg. Cuirfear leis an scoil seo agus beidh soláthar ann do na daltaí reatha atá ag freastal ar Scoil Speisialta Bhaile an tSíbhrigh. Is é an cuspóir, tríd is tríd, go mbeidh soláthar buan nua-aimseartha san áireamh maidir le Campas Choláiste Theach Mealóg i dtaca leis an scoil speisialta seo chun cur ar a cumas freastal ar suas le 150 dalta nuair a chuirfear críoch léi. Is méadú mór é seo ar acmhainn i mBaile Átha Cliath Theas agus beidh sé ina chéim shuntasach chun tosaigh maidir le féachaint chuige go seasfaidh na riachtanais fhadtéarmacha an aimsir. Tá tionscnaimh shuntasacha eile ar na bacáin chun acmhainn a mhéadú mar chuid den rannpháirtíocht leanúnach le hIontaobhas Oideachais Spiritan.

Is díol suntais é freisin go leanann foireann Chomhairleoirí na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta le tacú le gach scoil, agus díreoidh siad go háirithe ar chlár saindeartha tacaíochta agus ar chomhairle maidir leis na scoileanna speisialta nua agus, de réir mar is gá, leis na scoileanna speisialta ina bhfuil an soláthar ag méadú.



3. Maidir le hOifig an Ombudsman do Leanaí

Is comhlacht reachtúil neamhspleách í Oifig an Ombudsman do Leanaí a bunaíodh faoin Acht um Ombudsman do Leanaí, 2002 (Acht 2002). Faoin Acht 2002, tá dhá phríomhfheidhm reachtúil ag an Ombudsman do Leanaí:

- Cearta agus leas páistí a chur chun cinn; agus
- iniúchadh a dhéanamh ar ghearáin a dhéanann páistí nó a dhéantar thar ceann páiste maidir le gníomhaíochtaí riaracháin na gcomhlachtaí poiblí, a raibh nó is féidir go raibh éifeacht dhíobhálach acu ar an bpáiste.

Ceapann Uachtarán na hÉireann An tOmbudsman do Leanaí agus oibríonn an tOmbudsman go díreach faoin Oireachtas maidir leis na feidhmeanna reachtúla seo a chur i bhfeidhm.



4. Maidir leis an Tuarascáil seo

In 2021, ag cuimhneamh ar fheidhm reachtúil an OCO chun cearta agus leas páistí a chur chun cinn, bheartaigh an OCO tabhairt faoi thionscnamh tiomnaithe maidir leis an bpleanáil ar aghaidh ó thaobh spásanna scoile de le haghaidh páistí le Riachtanais Speisialta Oideachais (RSO). Fuair an OCO roinnt gearán ó thuismitheoirí maidir le heaspa áiteanna áitiúla dóthanacha iomchuí dá bpáistí le huathachas i mBaile Átha Cliath, Corcaigh agus an Clár.

Príomhchuspóir de Phlean Straitéiseach 2022–2024 an OCO is ea bearta a aimsiú go córasach agus aird a tharraingt orthu le go mbeadh a fhios ag an bpobal cad atá de dhíth le go mbeadh teacht ag páistí faoi mhíchumas ar oideachas agus go mbeidís ábalta páirt a ghlacadh ann ar bhonn cothrom le páistí eile. Táimid tiomanta freisin chun córas oideachais nuálach páistelárnach a chur chun cinn a bhfuil teacht ag cách air agus a chabhraíonn le gach páiste a gcumas a bhaint amach. Tá an OCO den tuairim gur leithcheal í aon teip chun páistí le RSO a chuimsiú taobh istigh den chóras príomhshrutha scoile, i ngach cás seachas nuair nach gcuimsítear iad ar mhaithe lena n-oideachas éifeachtach a éascú.

Mar sin de, chruthaíomar an tuarascáil seo chun:

- | | |
|--|---|
| <ul style="list-style-type: none"> na dúshláin a bhíonn ag páistí le RSO a leagan amach maidir le teacht ar thimpeallachtaí scoile príomhshrutha, ranganna speisialta (lena n-áirítear ranganna uathachais), agus scoileanna speisialta ag leibhéal bunscoile agus iar-bhunscoile ar fud na tíre; | <ul style="list-style-type: none"> próiseas na Roinne Oideachais (RO) maidir le planáil ar aghaidh a leagan amach agus ceisteanna a achoimriú a d'fhéadfadh a bheith ag cur le cás nach bhfuil áit iomchuí cinntithe go tráthúil ag teaghlach dá bpáiste le RSO; |
| <ul style="list-style-type: none"> dearcadh cearta páistí a sholáthar ar an gcás, ag tagairt do na cearta páiste ábhartha arna bhforáil faoi dhlí náisiúnta, chomh maith le faoi chaighdeáin Eorpacha agus idirnáisiúnta; agus | <ul style="list-style-type: none"> moltaí a dhéanamh maidir le conas is féidir dul i ngleic leis na ceisteanna a aithníodh, i mbealach a chinntíonn gur féidir le páistí le RSO leas a bhaint as a gceart chun an oideachais, gan leithcheal agus ar bhonn cothrom le páistí eile. |

Chun críocha na tuarascála seo, chuireamar athbhreithniú agus anailís deascbhunaithe i ngníomh ar cháipéisí ábhartha, agus rinneamar 13 agallamh fíorúil leathstruchtúrtha le 27 duine aonair, lena n-áirítear an RO, NCSE, agus NEPS.

Comhthiteann foilsiú an tuarascála le roinnt tionscnamh Rialtais, lena n-áirítear:

- Athbhreithniú an Aire Oideachais ar chuid 37A den Acht Oideachais, 1998 (Acht 1998), le teacht ag deireadh 2022. Faoi chuid 37A, tá an chumhacht ag an Aire chun ordú a thabhairt do scoil chun tuilleadh soláthair le haghaidh páistí le RSO a chur ar fáil.
- Táthar ag súil go gcuirfidh an tAire atá freagrach as an Oideachas Speisialta agus Cuimsiú athbhreithniú ar an Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Acu 2004 (Acht ODRS) i gcrích go luath in 2023.

Tá súil againn go ndéanfaidh an tuarascáil seo eolas d'athbhreithniú an Aire ar Chuid 37A agus an tAcht ODRS, go spreagfaidh sí cur chuige níos leanbhlarthaí agus níos oscailte maidir leis an gcinnteoireacht sa réimse seo, agus go dtacóidh sí le comhlachtaí poiblí chun a ngealltanais a chomhlíonadh maidir le cearta páistí le RSO a réadú taobh istigh de chóras cuimsitheach.

Leibhéal Riachtanais

Chun críocha na tuarascála seo, measann an OCO go bhfuil RSO ag 25% de dhaonra na ndaltaí, agus go bhfuil uathachas ar 1.55% de dhaonra na ndaltaí. Dar leis an NCSE, chuirtear oideachas ar 2% de dhaltaí i dtimpeallachtaí atá scartha óna bpiaraí néarai-thipiciúla i.e., i scoil speisialta nó rang speisialta/uathachais.

Pleanáil ar Aghaidh

Aithníonn an OCO go gciallaíonn fás na hinfheistíochta san earnáil seo ón RO go bhfuil dúthracht láidir ann chun freastal ar riachtanais na bpáistí le RSO. Thug an OCO faoi deara trí idirghníomhú leis an RO agus a ngníomhaireachtaí bainteacha, áfach, go raibh toilteanas ann chun freagairt do dhaonra infhiosaithe daltaí le RSO atá agus a bheidh sa chóras oideachais, in ionad iarrachta tiomanta a dhéanamh chun pleanáil lena aghaidh. I mí Bhealtaine 2022, Thagair an Taoiseach Micheál Martin dó seo mar easpa réamhghníomhaíochta sa chóras.

Léirigh an RO leis an OCO go bhfuil na sonraí aici chun réamhaisnéis a dhéanamh ar dhaonra na bpáistí le RSO i scoileanna. In ainneoin seo, is é an socrú atá ann faoi láthair leis an NCSE ná go gcaithfear páistí le RSO a chur i láthair don ERSO áitiúil sula gcuirfear acmhainn Limistéar Pleanála do Scoileanna Áitiúla (LSPA) i bhfeidhm.

I gcásanna ina bhfuil thart ar 4,000 ag fanacht ar mheasúnú diagnóisice chun áit scoile a fháil, taistilíonn thart ar 15,500 páistí taobh amuigh dá gceantar gach lá chun freastal ar sholáthar speisialtóra, tá 1,455 daltaí ag fáil teagasc sa bhaile mar gheall ar an easpa áiteanna speisialaithe, agus tá suas le 270 páistí ann a bhfuil tacaíocht na scoileanna speisialta ag teastáil uathu agus nach bhfuil áit scoile acu le haghaidh Meán Fómhair 2022, níl sé seo maith go leor.


Dúirt an RO go gcuirtear srian ar a cuid pleanála, i bpáirt, mar gheall ar rogha na dtuismitheoirí maidir le suíomh oideachais a bpáistí. Thug an OCO faoi deara nuair atá diagnóis agus moladh ag páiste le haghaidh áit speisialtóireachta agus nuair is mian le tuismitheoir dul leis an moladh sin, bíonn an córas mall chun freagairt dó sin, agus le haghaidh go leor páistí a chónaíonn i gceantair móréileamh soláthair, ach go háirithe Baile Átha Cliath agus Corcaigh, teipeann ar an gcóras chun freagairt dó sin. Gan aon tógáil réamhghníomhach acmhainne ar leibhéal áitiúil, éireoidh an scéal seo níos measa le brú sa todhchaí réamh-mheasta chun a bheith comhchruinnithe i gCeantair Mheitreapholaiteacha agus timpeall orthu ag leibhéal bunscoile agus iar-bhunscoile araon.

Cuimsiú a Réadú

Léiríonn na dúshláin a bhíonn ag an RO maidir le freastal ar riachtanais páistí le RSO an córas oideachas mar atá sé cumraithe faoi láthair. In Éirinn, ní córas cuimsitheach oideachais é seo mar atá sainithe faoi Airteagal 24(2) de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta na nDaoine Faoi Mhíchumas (CRPD). Mar sin de, tá sé réasúnta go lorgóidh tuismitheoirí scoileanna agus ranganna speisialaithe mar atá molta ag síceolaí a bpáiste agus atá ina léiriú ar dhiagnóis a bpáiste, cé nach bhfuil na cineálacha leithscartha seo ar aon dul le prionsabal an oideachais chuimsithigh.


Dar leis an RO, tá sí feasach faoi mholtaí an CRPD maidir le cuimsitheacht agus tá sí tiomanta chun impleacht na moltaí seo a mheas i gcomhthéacs chomhairle deiridh an NCSE maidir le háiteanna oideachasúla speisialta nuair a fhaightear seo in R2 2022. D'aimsigh an OCO, áfach, go bhfuil neamhréireanna ann idir insint an pholasaí maidir le hoideachas cuimsitheach, agus úsáid leanúnach na suíomhanna leithscartha in Éirinn.

Is é leithscaradh na bpáistí a bhfuil RSO acu, nach bhfuil in ann dul i lánpháirtíocht leis an suíomh caighdeánaithe scoile, an chúis le teacht chun cinn córas comhuainíochta mífheidhmiúil, ar cheart don RO tús áite a thabhairt do dheireadh a chur leis.



5. Dearcadh na dTeaghlach

Labhair an OCO le tuismitheoirí de thriúir páistí a bhfuil RSO acu atá ag freastal ar sholáthair príomhshrutha, ranga speisialta agus scoile speisialta chun eolas a dhéanamh don tuarascáil seo. Achoimrítear a scéalta thíos. Ní léiriú ionadaíoch é an sampla seo de chomhdhéanamh éagsúil an ghrúpa páistí ar fad atá san earnáil seo. Go suntasach, is féidir nach n-aithneoidh na gnásanna diagnóisice reatha atá ann nuair atá an t-uathachas ar chailíní, agus mar sin de, tá sé níos deacra teacht ar thuiscint agus ionadaíocht ar a riachtanais.



Scéal Aaron

Tá Aaron 12 bhliain d'aois agus tá dhá dhiagnóis aige, an t-uathachas agus míchumas intleachtúil. Diagnóisithe agus é óg, d'fhreastail sé ar naíonra idirghabhála luaithe agus ansin ar scoil speisialta, a fhreastalaíonn ar pháistí atá suas le 12 bliain d'aois. Dúirt máthair Aaron leis an OCO gur thaisteal Aaron go dtí an scoil, a bhí leathuair ón teach, i dtacsaí. Mar gheall air seo, dúirt sí nach bhfuil grúpa cairde aige ina bpobal áitiúil. Dúirt sí nár comhlíonadh na gealltanais a fuair sé – lena n-áirítear OI agus SLT – le haghaidh tacaíochtaí ina scoil speisialta. Dúirt sí nach raibh a dhóthain teiripeoirí ann don scoil speisialta chun na gealltanais, a rinne an scoil le linn an chláraithe, a chomhlíonadh. Dúirt sí nach ndearnadh athmheasúnú ar a dhiagnóis ach uair amháin i rith na tréimhse a d'fhreastail sé ar an scoil speisialta agus go raibh uirthi iarraidh ar an scoil sin a dhéanamh.

Ar an lá a labhair an OCO lena mháthair, bhí Aaron ag imeacht ar aghaidh óna scoil speisialta agus ní raibh áit scoile ar bith aige le dul chuici an Meán Fómhair ina dhiaidh. Dúirt sí go raibh thart ar leath de chomhscoláirí Aaron (seachtar san iomlán), a raibh aithne ag an ERSO áitiúil ar gach duine acu, i gcás cosúil leis. Dúirt sí nach raibh aon chonair dul chun cinn ann le haghaidh Aaron. Dúirt sí, dar léi, nár thug an RO agus an NCSE faoi aon phleanáil ar aghaidh chun cinntiú go ndeimhneofaí cearta Aaron agus a chomhscoláirí chun an oideachais.

Ar an lá a labhair máthair Aaron leis an OCO, bhí sí ag fanacht ar fhreagra ó scoil speisialta nua ina gcontae. Dúirt sí, fiú dá nglacfaí leis i mí Iúil, nach mbeadh aon deis aige tabhairt faoi chlár trasdula chun taithí a fháil

leis an timpeallacht nua scoile. Dúirt sí go bhfuil sé trí chéile faoina thodhchaí.

Dúirt a mháthair, óna taithí féin, go mbíonn an fhreagracht ar thuismitheoirí chun ainm a bpáistí a chur síos i ngach áit agus ansin guí go n-osclófaí doras éigean dóibh. Dúirt sí go raibh an ERSO áitiúil neamhéifeachtach. Dúirt sí go ndeachaigh siad i dteagmháil leis an ERSO mí Meán Fómhair seo caite agus dúradh leo 'ná bí buartha, beith sibh ceart go leor'. D'fhoghlaim siad i mí an Mhárta, áfach, nach raibh spás ag Aaron in aon scoil don bhliain ina dhiaidh. Bhí aiféala uirthi gur chuir an próiseas tuismitheoirí in iomaíocht lena chéile de bharr cé chomh amhrasach agus a bhí sé. Dúirt sí gur sheol an ERSO liosta meánscoileanna príomhshrutha dóibh ar léir nach raibh siad oiriúnach dá mac. Dúirt sí gur chuir sí gloch ar gach ceann acu agus dúradh léi gach uair nach raibh an taithí acu chun freastal ar riachtanais Aaron. Dúirt sí gur sheol an ERSO tuarascáil chucu ag rá go raibh Aaron i dteideal 20 uair teagaisc sa bhaile ach níor míníodh conas a fheidhmeoidh sé seo, ach go háirithe le haghaidh Aaron, a bhuail lena chairde ar fad agus é ar scoil.

Dúirt sí nach rogha bailí d'Aaron í an scoláireacht phríomhshrutha toisc nach bhfuil na tacaíochtaí a bhíonn ag teastáil uaidh ar fáil dó ann. Creideann sí, áfach, fiú mura féidir leis freastal ar scoil phríomhshrutha, gur chóir go mbeadh níos mó sóisialaithe idir na scoileanna speisialta agus príomhshrutha chun cuimsiú a chothú. Tá súil aici, as seo amach, go gcuirfear oideachas ar gach páiste, is cuma an diagnóis atá acu, lena bpiaraí ina bpobal.

Scéal Leo

Diagnóisíodh go raibh uathachas ar Leo cúpla mí sular thosaigh sé sna Naíonáin Shóisearacha. Roghnaigh a bhunscoil beartaithe rang speisialta a bhunú ag an am céanna agus fuair sé áit. Chuir a mháthair an OCO ar an eolas gur iarr sí ar an NEPS measúnú a dhéanamh an raibh an áit a tairgeadh oiriúnach dá mac, ach toisc nach raibh siad oscailte léi, bhí uirthi dul i dteagmháil le príomhoide na scoile agus scéal mór a dhéanamh de ionas go dtarlódh sé. Dúirt sí go bhfuair sé oideachas hibrideach le cabhair ó SNA.

Dúirt máthair Leo gur mhol príomhoide na scoile di, nuair a bhí sé i rang a trí, tús a chur leis an bpróiseas chun áit meánscoile a fháil dó. Dúirt sí gur thosaigh sí ag dul go díreach i dteagmháil le scoileanna príomhshrutha, agus tar éis foghlaim nach raibh aon rang le haghaidh páistí leis an uathachas in aon mheánscoil phríomhshrutha ina contae agus tar éis sin amháin, chuaigh sí i dteagmháil lena hERSO áitiúil chun cuidiú a lorg. Dúirt sí nár chuir an ERSO an tacaíocht ar fáil agus chuir sí gearán isteach chuig an NCSE. Dúirt sí go ndeir an NCSE le tuismitheoirí chun clárú an bhliain a bhfuil an áit scoile ag teastáil, ach ní chuireann sé sin san áireamh má tá foirgneamh nua de dhíth ar an scoil chun rang speisialta a chur i ngníomh.


Dúirt sí gur éirigh an lorg ar áiteanna scoile dá mac agus a chúigear comhscoláirí, a bhí ag críochnú na scoile leis, ina phost lánaimseartha di. Dúirt sí gur dhearbhaigh comhordaitheoir réigiúnach an NCSE di go raibh socruithe faoi lánseol i gcomhair meánscoil iar-bhunscoile chun rang a oscailt le haghaidh páistí leis an uathachas ina réigiún. Dúirt sí go ndeachaigh sí go díreach i dteagmháil leis an iar-bhunscoil agus go

ndúirt siad nár chuala siad ón NCSE agus nach raibh aon phlean acu chun rang speisialta a oscailt. Dúirt sí go bhfuair a mac áit scoile go mall le haghaidh mhí Mheán Fómhair ach ní raibh sí cinnte dá mbeadh áit aige i rang speisialta nó dá mbeadh sé ag fáil cabhrach ó SNA. Dúirt sí go raibh ocht mbliain ag an NCSE agus an RO chun pleanáil a dhéanamh dá mac, agus go raibh sé seafóideach go raibh ar thuismitheoirí an méid sin trioblóide a chur orthu féin chun áit scoile a chinntiú dá bpáistí. Dúirt sí nár chóir gur gá do thuismitheoirí bagairt na caingne a thabhairt don RO agus do scoileanna as áit scoile a dhiúltú dá bpáistí ar bhonn an mhíchumais, ach is cosúil nach n-oibríonn aon rud eile seachas sin. Dúirt sí go bhfuil meon olc ag an NCSE, agus go ndúirt siad léi dá n-osclóidís ranganna le haghaidh páistí leis an uathachas, go dtiocfadh páistí amach ó fud na háite chun clárú.

Dúirt sí gurb iad na páistí uathacha, a bhfuil struchtúr agus leanúnachas uathu, na páistí nach bhfaigheann ceachtar acu. Ina ionad, dúirt sí go mbíonn gach rud ag an nóiméad deiridh, agus fágann sé sin páistí, ar nós a mic, trí chéile. Dúirt sí nár phleanáil an rialtas le haghaidh an daonra, go bunúsach. Dúirt sí nach freagairt cheart é an oideachas sa bhaile toisc nach féidir an t-eispéireas meánscoile a athchruthú sa bhaile. Ó thaobh an chuimsithe de, dúirt sí gur aimsigh sí maidir leis na páistí a d'fhreastail ar scoileanna a raibh ranganna iontu le haghaidh páistí leis an uathachas, go nglacann siad lena bpiaraí uathacha níos mó. Dúirt sí nár chóir do pháistí le RSO freastal ar scoileanna taobh amuigh dá bpobal áitiúil, a chiallódh go gcaillfidís ceangail leis na daoine a d'fhéadfadh súil a choinneáil orthu sa todhchaí. Dar léi, má táimid mar shoचाई ag iarraidh domhan cuimsitheach a thógáil do fhaoine fásta, caithfidimid cuimsitheacht a chothú ón óige.



Scéal Robert

Diagnóisíodh go raibh uathachas ar Robert nuair a bhí sé naoi mbliana d'aois. Chuir a mháthair an OCO ar an eolas gur fhreastail sé ar bhunscoil phríomhshrutha agus go raibh lántacaíocht aige ó SNA go dtí gur tharla an t-athrú leis an bpolasaí leithdháilte, a chiallaigh go raibh sé faoin scoil chun uaireanta an SNA a leithdháileadh. Dúirt sí nár cuireadh ar an eolas í maidir leis na huaireanta SNA laghdaithe a bhí á bhfáil ag a mac go dtí gur thosaigh sé ag teacht abhaile suaite ón scoil. Dúirt sí gur chuir siad isteach le haghaidh díolúine Ghaeilge dó, agus dúradh leo nárbh fhéidir leis sin a fháil díreach toisc go raibh an t-uathachas air. Dúirt sí gur mhol síceolaí Robert go bhfreastalaíonn sé ar rang uathachais san iar-bhunscoil. Dúirt sí go raibh na hiar-bhunscoileanna ar fad le ranganna uathachais, a bhí gar don teach, lán, ach d'éirigh léi spás a fháil do Robert i scoil a bhí 25km uaidh. Dúirt sí go dtógann sé tacsáí chuige anois gach lá. Dúirt sí go bhfuil an scoil saintógtha, agus ciallaíonn sin gur ghlac sé cúig bliana chun dul ó phleanáil go ceadú go soláthar. Dúirt sí go bhfuil an fhoireann oilte, go bhfuil na háiseanna oiriúnach, agus go bhfuil ag éirí go hiontach le Robert inti. Dúirt sí gur chabhraigh na múinteoirí acmhainne leis seasamh do chomhairle na ndaltaí, agus is ionadaí do chomhairle na ndaltaí é anois, ag obair ar son a bpiaraí uathacha.



6. Moltaí

Déanaimid na moltaí seo chun deireadh a chur leis na bacainní a chuireann isteach ar chearta chun an oideachais na bpáistí le RSO sna pobail ina gcónaíonn siad. Samhlaítear maidir le baint na mbac ar rochtain ar leanúntas an oideachais, go gcuirfidh sí feabhas ar na dúshláin taobh istigh den chóras oideachais mar atá sé cumraithe faoi láthair agus go gcuirfidh sí an bonn ar fáil ar féidir córas cuimsitheach oideachais a thógáil air. Cé go bhfuil iarmhairtí costais ag baint leis na bearta seo sa ghearrthéarma, is córas níos inbhuanaithe í an tsamhail chuimsithe san fhadtéarma.



1. Pleanáil ar Aghaidh

- a. Molann an OCO gur chóir go bhfeidhmíonn an t-oideachas sa bhaile mar atá sé beartaithe chun feidhmiú, go príomha mar bheart éigeandála atá teoranta ó thaobh ama de agus mar rogha deiridh.
- b. Molann an OCO go bhfoilsíonn an RO, ar bhonn práinne, plean chun cinntiú go mbeidh go leor áiteanna scoile ar fáil chun freastal ar riachtanais réamh-mheasta na bpáistí le RSO taobh istigh dá bpobail áitiúla.

2. Rochtain ar Mheasúnuithe Síceolaíochsa sa Ghearrthearma

- a. Molann an OCO go gcinntíonn an RO rochtain éifeachtach ar shíceolaí tríd an NEPS, ar an Scéim chun Measúnuithe Síceolaíochta a Ordú (SCPA) nó ar sheirbhís eile le haghaidh na 4,000 (measta) páistí atá ag fanacht ar mheasúnú diagnóiseach chun fáil amach má tá áit i rang/scoil speisialta ag teastáil sa ghearrthearma.

3. Acmhainn Áitiúil a Thógáil

- a. Molann an OCO go dtugtar sainordú agus acmhainní do gach scoil, ach go háirithe gach iar-bhunscoil, chun cóiríocht reatha fhoirgníú oiriúnach nó athearraíocht a bhaint aisti chun freastal ar riachtanais na bpáistí le RSO go háitiúil agus sa ghearrthearma.

4. Dul i dTeagmháil le Scoileanna, Tuismitheoirí agus Daltaí

- a. Molann an OCO go n-idirghabhann an RO le scoileanna, tuismitheoirí, agus páistí le RSO trasna na tíre ina clár oibre cuimsithe.

5. Sonraí

- a. Molann an OCO go mbailíonn an RO sonraí ar líon na bpáistí a bhfuil tacaíochtaí RSO uathu i suíomhanna comhtháite i mbunscoileanna agus iar-bhunscoileanna príomhshrutha agus na sonraí seo a chur san áireamh ina dTáscairí bliantúla Oideachais.
- b. Molann an OCO go bhfoilsíonn an RO sonraí bliantúla lárraithe ar líon na bpáistí le RSO gan áit oiriúnach scoile.

6. Reachtaíocht

- a. Molann an OCO go smaoiníonn an t-athbhreithniú reatha ar an Acht ODRS más cóir codanna 3 go 13 a thosú nó a leasú, nó má tá reachtaíocht nua ag teastáil lena chinntiú go mbeidh pleananna neamhspleácha oideachasúla le haghaidh páistí le RSO bunaithe ar chearta, páistelárnach agus cuimsitheach.
- b. Molann an OCO idirghabháil láidir idir an RO agus an FSS, chomh maith leis an Roinn Sláinte agus an *Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige*, maidir leis an athbhreithniú ar an Acht ODRS agus soláthar tacaíochtaí speisialaithe i scoileanna araon.
- c. Molann an OCO go smaoiníonn an t-athbhreithniú a leanann go fóill ar chuid 37A den Acht 1998 má tá an próiseas a achoimrítear taobh istigh de róthiarálach chun freastal ar na riachtanais atá ag páistí le RSO go pras agus, mar sin de, má tá leasú de dhíth ar chuid 37A.

7. Rochtain ar Mheasúnuithe agus Tacaíochtaí Teiripeacha

- a. Molann an OCO go mbeartaíonn an RO agus an FSS comhphrótacal oibre chun cinntiú go bhfuil rochtain ag páistí le RSO ar mheasúnuithe agus tacaíochtaí a chuireann leis an oideachas i ngach suíomh oideachais.

8. Infheistiú i Múinteoirí

- a. Molann an OCO go socraíonn an RO go dtugann gach múinteoir, nua agus reatha, faoi oiliúint speisialaithe RSO agus cuimsithe ar bhonn bliantúil.

Oifig an Ombudsman do Leanaí
Teach na Milaoise
52–56 Sráid na Trá Mhór
Baile Átha Cliath 1
D01 F5P8

T: 01 865 6800
F: 01 874 7333
E: oco@oco.ie
www.oco.ie
@OCO_Ireland



ombudsman
do leanaí
for children

